Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Aonad 6

# Cáin Ioncaim agus CBL

## Plean Ceachta



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## 1.0 Toradh Foghlama

An córas féinmheasúnaithe a scrúdú agus tuiscint a fháil ar conas a úsáidtear é le Cáin Ioncaim agus CBL a bhailiú.

## 2.0 Spriocanna Foghlama

Ag deireadh an aonaid seo, beidh mé in ann:

| | |
|---|---|
| **1.** | Cáin Ioncaim a bhaineann le hioncam gnó Sceideal D a mhíniú |
| **2.** | Idirdhealú a dhéanamh idir ioncam ÍMAT agus ioncam neamh-ÍMAT |
| **3.** | Cur síos a dhéanamh ar na critéir a úsáidtear chun clárú le haghaidh Cáin Ioncaim |
| **4.** | Breac-chuntas a thabhairt ar fhreagrachtaí duine inmhuirir |
| **5.** | Cur síos a dhéanamh ar ghnéithe na Cánach Breisluacha (CBL) |
| **6.** | Cur síos a dhéanamh ar na rátaí éagsúla CBL a ghearrtar in Éirinn |
| **7.** | Míniú a thabhairt ar conas a chláraíonn duine/gnó le haghaidh CBL agus an chaoi a ndéantar íocaíochtaí CBL |

## 3.0 Fad ama

2 x rang uair an chloig

## 4.0 Naisc

### Naisc Litearthachta

Córas féinmheasúnaithe, ioncam ÍMAT, ioncam neamh-ÍMAT, ioncam Sceideal D, Ioncam comhlán, Ioncam glan, Duine inmhuirir, Cáin Ioncaim, Earraí, Seirbhísí, CBL

### Naisc Uimhearthachta

Rátaí cánach, Suimiú, Dealú, Céatadáin, Iolrú, Roinnt

### Naisc Traschuraclaim

Cuntasaíocht, Gnó, Eolaíocht Ríomhaireachta, Eacnamaíocht, Tíreolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile

### Scileanna Idirbhliana

A bheith éifeachtach go pearsanta, Cumarsáid, Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, Próiseáil faisnéise, Obair le daoine eile

## 5.0 Acmhainní

Seo thíos na hacmhainní atá ag teastáil don aonad seo:

| | |
|---|---|
| **1.** | Clár bán, teilgeoir, ríomhaire pearsanta / ríomhaire glúine le nasc idirlín |
| **2.** | Plean Ceachta |
| **3.** | Cur i láthair PowerPoint |
| **4.** | Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí |
| **5.** | Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí & Freagraí |
| **6.** | Bileog Oibre Cánach Ioncaim 1 & Freagraí |
| **7.** | Bileog Oibre Cánach Ioncaim 2 & Freagraí |
| **8.** | Dialann Foghlama Scoláire |

## 6.0 Réamhrá Ceachta

**Tugann** an **múinteoir breac-chuntas gairid ar na spriocanna foghlama** ar **shleamhnán PowerPoint 2** chun na hábhair atá le clúdach le linn an aonaid a thaispeáint. **Dáiltear** cóip d'**Aonad 6: Bileoga Oibre (1 & 2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí,** chomh maith le h**Aonad 6: Bileoga Oibre Cánach Ioncaim (1 & 2)** ar gach scoláire.

## 6.1 Dul Siar

### Gníomhaíocht 1

Bunaithe ar a gcuid eolais ó **Aonad 5: Seirbhísí ÍMAT ar Líne, líonann scoláirí na bearnaí** ar **Bhileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 1**. Déanann an **múinteoir taifead** ar na **freagraí** a chuireann na scoláirí ar fáil maidir le **sleamhnán PowerPoint 3**.

### Freagraí

Chun do chéad phost a chlárú, is gá duit úsáid a bhaint as **moChúrsaí** - ardán ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim. Beidh ort sonraí ar leith a chur san áireamh; uimhir chlárúcháin an **fhostóra**, meastachán ar d'**ioncam** iomlán agus an **dáta** a thosaíonn do phost.

Nuair a bheidh na sonraí seo ag na Coimisinéirí Ioncaim, úsáideann siad Fógra **Párolla** na gCoimisinéirí Ioncaim le cur in iúl do d'fhostóir an méid cánach is gá duit a íoc le haghaidh Cáin Ioncaim, **MSU** agus ÁSPC. Gheobhaidh tú do phá lúide na h**asbhaintí** seo.

Daoine atá féin**fhostaithe** agus daoine aonair atá cláraithe chun Cáin **Mhaoine** Áitiúil a íoc, cláraíonn siadsan ar an ardán seo freisin.

# 8.0 Sceideal D – Ioncam Gnó

Tugann an **múinteoir achoimre** maidir le h**ioncam incháinithe** ar **shleamhnán PowerPoint 5** agus míníonn sé/sí go **mbainfidh béim an aonaid seo** le **Sceideal D – Ioncam Gnó**. Míníonn an **múinteoir** na **cásanna** a bhaineann le **Sceideal D** le **samplaí** ar **shleamhnáin PowerPoint 6-7**.

### Gníomhaíocht 2

**Ina n-aonar**, críochnaíonn scoláirí an **ghníomhaíocht mheaitseála** chun uimhir cheart an cháis Sceideal D a mheaitseáil leis an míniú ceart. Is féidir le scoláirí freagraí a **thaifeadadh** ar **Aonad 6: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 2**. Déanann an múinteoir taifead ar fhreagraí na scoláirí ar **shleamhnán PowerPoint 8**.

### Freagraí

| Cás I | Cás II | Cás III | Cás IV | Cás V |
|---|---|---|---|---|
| C | D | A | E | B |

# 9.0 Ioncam ÍMAT agus Neamh-ÍMAT

Ag úsáid **leideanna ceiste** ó **shleamhnán PowerPoint 9**, fiafraíonn an **múinteoir de scoláirí** an féidir leo **na** téarmaí **'ioncam ÍMAT', 'ioncam neamh-ÍMAT', 'ioncam comhlán**' agus **'ioncam glan'** a mhíniú. Is féidir **sainmhíniú** do gach téarma a fháil ar **shleamhnán PowerPoint 10**.

Tá **sampla réamhdhéanta** le fáil ar **shleamhnán PowerPoint 11** agus léiríonn sé an difríocht idir **ioncam comhlán** agus **ioncam glan neamh-ÍMAT**.

# 10.0 Ag Clárú le haghaidh Cáin Ioncaim

**Míníonn** an múinteoir na **critéir** a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim maidir le h**ioncam comhlán** agus **ioncam glan neamh-ÍMAT** agus **duine ag clárú le haghaidh Cáin Ioncaim**. Taispeántar an téarma **'duine inmhuirir'** do na scoláirí agus déantar cur síos ar na daoine aonair a bhfuil orthu **clárú le haghaidh Cáin Ioncaim**, chomh maith leis na **freagrachtaí** atá orthu maidir le **Cáin Ioncaim**. Sonraítear an t-eolas seo ar **shleamhnáin PowerPoint 12 agus 13**.

Is féidir le scoláirí féachaint ar **fhíseán achomair** de sheirbhísí ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim ar a dtugtar **ROS** [1m 52] ar **shleamhnán PowerPoint 14**.

### *Míniú ar Réamhcháin [Sleamhnán PowerPoint 13]

Is meastachán í réamhcháin ar an gCáin Ioncaim, MSU agus ÁSPC a mheasann duine inmhuirir a bheidh le híoc acu do bhliain. Is gá suim na réamhchánach a roghnaíonn duine inmhuirir a bheith cothrom le, nó níos mó ná, an tsuim is ísle de:

- 90% den cháin iníoctha don bhliain reatha
- 100% den cháin iníoctha don bhliain roimhe sin
- 105% den cháin iníoctha don bhliain roimhe sin (níl sé seo ar fáil ach amháin má íocann tú le Dochar Díreach agus murar nialas an cháin iníoctha)

### †Mínithe ar Fhormhuirear agus ar Ús [Sleamhnán PowerPoint 13]

Is féidir formhuirear a chur i bhfeidhm mar:

- 5% den cháin dhlite suas le huas-suim €12,695, sa chás go gcuirtear an tuairisceán isteach taobh istigh de dhá mhí ón dáta tíolactha sonraithe
- 10% den cháin dhlite suas le huas-suim €63,485, sa chás go gcuirtear an tuairisceán isteach taobh istigh de dhá mhí ón dáta tíolactha sonraithe.
- Is é an ráta úis ná 0.0129% in aghaidh an lae, nó cuid de lá

Tasc Breise

## 10.0.1 Foirm 11

D'fhéadfadh scoláirí scrúdú a dhéanamh ar Fhoirm 11 chun féachaint ar an eolas mionsonraithe a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh Tuairisceán Cánach Ioncaim féinmheasúnaithe.

# 10.1 Cás-Staidéir – Clárú le haghaidh Cáin Ioncaim

Oibríonn an **múinteoir** agus na **scoláirí** trí na 3 **chás-staidéar** ar **shleamhnáin PowerPoint 15-17** chun a **aithint** an gá do na **daoine aonair** clárú **le haghaidh Cáin Ioncaim**. Líonann na coláirí **Aonad 6: Bileog Oibre Cánach Ioncaim 1** isteach i mbeirteanna chun a aithint ar cheart do dhaoine aonair **clárú le haghaidh Cáin Ioncaim** agus **cúis** a thabhairt lena gcinneadh. Is féidir na samplaí ón mbileog oibre **a cheartú mar ghníomhaíocht ranga iomlán**.

### Gníomhaíocht 3

**Scrúdaíonn na scoláirí** an tábla ar **shleamhnán PowerPoint 18** ina bhfuil **cúig ráiteas a** bhaineann le Cáin Ioncaim. **Aithníonn** na scoláirí cé acu atá na ráitis **fíor nó bréagach** agus déanann siad na freagraí a **thaifeadadh in Aonad 6: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 3**. Is féidir le múinteoirí **taifead a dhéanamh** ar fhreagraí na scoláirí ar **shleamhnán PowerPoint 18**.

### Freagraí

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| Bréagach | Bréagach | Fíor | Fíor | Bréagach |

# 10.2 Bileoga Oibre Cánach Ioncaim

Féadfaidh an **múinteoir** cinneadh a dhéanamh **dul trí** na **ceisteanna** mar chleachtadh ranga iomlán nó is féidir leis na **scoláirí oibriú i mbeirteanna / grúpaí** chun **Aonad 6: Bileog Oibre Cánach Ioncaim 1 & 2** a dhéanamh. Is féidir **Aonad 6: Freagraí do Bhileoga Oibre Cánach Ioncaim 1 & 2** a thabhairt do na scoláirí.

# 11.0 Réamhrá ar CBL

### Gníomhaíocht 4

Oibríonn **Scoláirí** i **ngrúpaí** chun **sainmhínithe a chruthú le chéile** do na téarmaí **'earraí'** agus **'seirbhísí'** agus chun **sampla** do gach ceann a aithint. **Déanann na** scoláirí taifead ar a gcuid sainmhínithe agus samplaí molta in **Aonad 6: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 4**. **Roinneann na scoláirí** an **t-eolas** seo leis an rang agus déanann an **múinteoir nóta de** na sainmhínithe ar **shleamhnán PowerPoint 20**. Is féidir leis an múinteoir s**ainmhínithe samplacha** agus **samplaí** d'earraí agus seirbhísí a thaispeáint ar **shleamhnán PowerPoint 21**.

Scrúdaíonn **scoláirí** na **ceisteanna** a bhaineann le **CBL** ar **shleamhnán PowerPoint 22** agus cuimhníonn siad ar an méid a d'fhoghlaim siad ó **Aonad 1: Achoimre ar Chánacha**. Is féidir **plé ranga iomlán** a dhéanamh chun **tuiscint níos fearr a fháil** ar an ábhar.

# 11.1 Míniú ar CBL agus Rátaí Reatha

Ar **shleamhnán PowerPoint 23**, cuireann an múinteoir eolas níos **mionsonraithe** ar fáil ar chur i bhfeidhm **CBL** agus ar an modh a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim chun í a **bhailiú**. Fiafraíonn an múinteoir de **scoláirí** an bhfuil **an ráta caighdeánach, an ráta laghdaithe agus an dara ráta laghdaithe CBL** ar eolas acu. D'fhéadfadh **scoláirí** beagán **taighde** a dhéanamh **ar líne** chun na **rátaí CBL** seo **a aithint**.

Taispeántar na rátaí seo ar **shleamhnán PowerPoint 24**. Taispeántar **míreanna díolmhaithe** (saor) **ó CBL** ar **shleamhnán PowerPoint 25**.

### Gníomhaíocht 5

Ag baint úsáid as an mBunachar Sonraí do Rátaí CBL, ba cheart do **scoláirí** na **rátaí CBL cearta** a aithint maidir leis na hocht n-earra agus seirbhís liostaithe. D'fhéadfadh **scoláirí dhá earra/sheirbhís bhreise** a **chuardach** agus taifead a dhéanamh ar na **rátaí CBL ábhartha**. Is féidir le scoláirí an t-eolas seo a **thaifeadadh** ar **Aonad 6: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 5** agus is féidir é seo a **cheartú** mar chleachtadh ranga iomlán ar **shleamhnán PowerPoint 26**.

### Freagraí

| Earra / Seirbhís | Ráta CBL |
|---|---|
| **1.** Táillí ailtire | 23% |
| **2.** Adhlacóir | Díolmhaithe |
| **3.** Fáinní (seodra) | 23% |
| **4.** Uibheacha | 0% |
| **5.** Millín péinte | 9% |
| **6.** Málaí láimhe | 23% |
| **7.** Beir leat (béilí bruite) | 9% |
| **8.** Físchluichí | 23% |

### Gníomhaíocht 6

Oibríonn **scoláirí** ina **n-aonar/ina mbeirteanna** chun scrúdú a dhéanamh ar an ngrafaic faisnéise a thaispeánann rátaí CBL ar fud na hEorpa agus **ceisteanna gaolmhara** ar **shleamhnán PowerPoint 27**. Is féidir le scoláirí a **bhfreagraí** a **thaifeadadh** ag úsáid **Aonad 6: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 6**.

### Freagraí

| | |
|---|---|
| **1.** | An Ungáir – 27% |
| **2.** | Lucsamburg– 17% |
| **3.** | 23% |
| **4.** | (i) An Bheilg, (ii) An Iodáil, (iii) An Phortaingéil |
| **5.** | (i) An Ghearmáin – 19%, (ii) An Fhionlainn – 24% |
| **6.** | 27 tír |

### Tasc Breise

D'fhéadfadh scoláirí féachaint ar an bhfíseán CBL chun tuilleadh eolais a fháil ar bhailiúchán CBL ar fud an AE.

## 11.2 Clárúchán agus Íocaíocht CBL

Míníonn an **múinteoir** na **critéir** a úsáidtear chun a fháil amach an gá do **ghnó cláru le haghaidh CBL** tríd an sampla ar **shleamhnán PowerPoint 28** a scrúdú. Tá **físeán eolais gairid ar chlárúchán CBL** ar fáil ar **shleamhnán PowerPoint 29** [1m 45]. Taispeántar **sampla mionsonraithe** den **bhailiúchán CBL** ag gnólachtaí atá cláraithe le haghaidh CBL ar **shleamhnán PowerPoint 30**.

# 12.0 Gníomhaíocht Dul Siar

Ina n-aonar, críochnaíonn scoláirí **Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** chun dul siar ar an méid a clúdaíodh in **Aonad 6**.

# 13.0 Dialann Foghlaimeora

Dáileann an múinteoir **teimpléad den dialann foghlama** agus **líonann scoláirí isteach** an dialann foghlama a bhaineann leis an aonad seo.